

Eolas Tábhachtach do Gach Campa – Léigh go Cúramach le do Thoil

- **Cuir isteach ar áit do do pháiste tríd an fhoirm iarratais ar líne a líonadh isteach ar an suíomh.**
- **Tabharfar áiteanna amach ag úsáid córas crannchuir chun cothromaíocht a dhearbhú.**
- Ní dhearbhaítear áit trí fhoirm iarratais a chur isteach.
- **Aoisghrúpaí:** de bharr éilimh mhór ar áiteanna, táimid **an-dian** maidir leis na haoisghrúpaí do gach campa. Ní chuirfear foirmeacha iarratais do ghasúr atá taobh amuigh de na haoisghrúpaí san áireamh.
- I gcás siblíní, líon amach foirm an duine do gach páiste le do thoil.
- **Má fhaigheann do pháiste áit, deimhnigh í chomh luath agus is féidir le do thoil. Mura ndéanfar deimhniú ar an áit cailfear í** agus tabharfar í do pháiste ón liosta feithimh.
- Tá gach campa saor in aisce ach beidh ar gach rannpháirtí fáil a bheith acu ar theicneolaíocht.
- Glactar leis go leanfaidh gach rannpháirtí **Polasaí Dheá-Iompair Fighting Words.**
- Beidh gach campa rite ag scríbhneoirí/ealaíontóirí cáilithe agus foireann oibre Fighting Words.
- Tá ár gcuid meantóirí deonacha traenáilte i nósanna imeachta cosanta do pháistí agus rinneadh grinnfhosrúchán an Gharda Síochána orthu.
- **Foilsíú an tSaothair:** Foilsíonn Fighting Words saothar ó gach rannpháirtí nó grúpa rannpháirtithe lena gcruthaitheacht agus a ngaisce a cheiliúradh. Is leis na húdair cóipcheart shaothar Fighting Words agus cead tugtha do Fighting Words an obair chruthaíoch a úsáid in aon cheann dá gcuid foilseachán, in ábhar bolscaireachta agus láithreáin gréasáin.
- **Grianghraif/Scannánaíocht:** Tógann muid pictiúir do na rannpháirtithe i mbun oibre le cur ar ár láithreán gréasáin, na meáin shóisialta agus ábhar eile bolscaireachta faoinár gcuid oibre. Cuirfear gach rannpháirtí san áireamh. **Tabhair faoi deara gur riachtanas é seo le bheith páirteach agus nach bhfuil sé roghnach.**
- **Polasaí cealaithe:** Mura bhfuil do pháiste in ann freastal ar champa samhraidh Fighting Words ar aon chúis, déan teagmháil linn chomh luath agus is féidir le do thoil. Tabharfar aon áit atá ar fáil do pháistí ar an liosta feithimh.

Struchtúir agus Riachtanais an Champa

Reachtáilfear an campa ar thráthnóna Dé Máirt ón 5-6.30p.m. ar feadh tréimhse sé seachtainí.

Campaí Ar Líne

Teastóidh ríomhaire, ceangal idirlín agus cuntas Zoom thar thréimhse an champa.